

PABHSAÉ GLÉIGEAL.

Fear mór le rádh a bhí i gCrannaobh i Sasana bhi mac aige agus nuair a bhí sé réidh le sgoil ní raibh siar ná aniar aige go bhfágadh sé fios ar imtheacht ina chaipín soithigh.

Nuair a bhí sé ag imtheacht bhí sé ag imtheacht ar fud na n-oileán uilig sgathamh mór i dtús aimsir agus bhí sé annsin lá i naice na hIndiacha Thoir agus d'éirigh an tonn bháidhte agus shluig sí síos an soitheach agus níor tháinig ariamh aon duine aiste ach é féin. Ar a dul síos don soitheach d'éirigh maide mór ar uachtar agus chuaidh seisean ina mhullach. Choinnigh sé ar snámh é. Is garr eile a bhí se nuair a tháinig fearín beag ar an maide aige. "Ní eireochaidh tada dhuit" adeir an fearín beag leis. "Tiubhraidh mise congnamh dhuit ach go dtiubhraidh mé an chéad mhac a bhéas agat dhom."

"Tiubhrad" adeir sé, nuair a gheall sé dó tháinig mar a bheadh ceo codlata air, agus níor airigh sé go deo go raibh sé ag an gcéibh céadhna a d'fhága sé i Sasana. Tháinig sé abhaile. Fuair sé soitheach eile. Bhí sé ag imtheacht leis annsin suim mhór aimsire. Ní raibh sé ag cuimhne cor ar bith ar seo. Tháinig an fear beag có fada leis lá. "Nach mór an t-íongantas nach bhfuil tusa a fágáil bean," adeir sé "agus mo ghealltanas a thabhairt domsa."

Dubhairt an fear seo go raibh sé cinnte air bean a fhágáil.

"Níl tú dhá n-iarraidh" adeir an fear beag leis, "ach seol leat anois" adeir sé, "go gcaithidh tú Éire siar," agus bhí sé a guil siar go raibh Éire caithte aige agus nuair a bhí Éire caithte aige d'éirigh an gála agus sgaoil seisean cloigeann an tsoithigh fuithe agus thug cead di dul ina rogha bealaigh. Níor fhan sí ariamh go dtáinig sí isteach go Béal an Átha. Nuair a d'fheist sé an soitheach tháinig sé amach, é féin agus an fear beag.

"Anois" ars an fear beag, "spáinfidh mise dhuit an áit a bhfuighfidh tú an bhean is breaghtha faoin domhan." Spáin sé an chúirt dó agus tháinig sé chó fada leis an gcúirt i néinfeacht leis. Nuair a tháinig se isteach sa gcúirt rinneadh an-mhór de. Chaith sé an oidhche ann agus lá ar na bhárach nuair a bhí sé ag imtheacht dubhairt inghean an fhir ar leis an chúirt nach mbeadh sí féin beo mara dtéigheadh sí inéindigh leis. Dubhairt a hathair léithe go bhféadfadh sí a dhéanamh, nach bhféadfadh duine ar bith locht a fhágáil ar chaipín shoithigh. Phósadar annsin agus chaitheadar chupla mí ann. Annsin thug sé leis an bhean go Sasana. Bhí sé ag imtheacht annsin mar bhí sé ariamh a caiptíneacht is a trádáil leis. Nuair a bhí siad bliain pósta bhí mac ag an mbean. Nuair a bhí an mac bliain d'aois tháinig an fear beag chó fada leis.

36

D'fhiafruigh sé dhe a raibh a ghealltanas aige agus dubhairt sé go raibh. Thug sé dhó an mac agus nuair a bhí an fear beag ag imtheacht dubhairt sé go dtiubhraidh se inghean do i leabaidh an mhic "agus béidh tú go maith thairis sin" adeir sé.

D'imthigh leis annsin agus ní fhaca sé aon amharc eile ar an bhfear beag ní ba mhó. Ní raibh aon áit annsin a raibh sé a guil ann a raibh sórt trioblóid aige ach cóir aige a guil ann agus cóir aige a' tigheacht as. Ní raibh sé a bhfad annsin nó go raibh inghean ag a bhean aríst. Sé an t-ainm a thug sí uirthé Fáinnín. Nuair a bhí inghean eile aice thug sí Bioráinín uirthé. Bhí siad ag eirighe suas annsin agus ba ghearr go dtáinig an fear beag aríst agus cailín beag aige, ba deise í ná ceachtar dá dhá inghin féin ach nach raibh sí có mór leobh. Bhí sí marbh le cion uirthé bhí sí chomh breagh sin. Dubhairt an fear beag gurb é an Pabhsaé Gleigeal an t-ainm a bhí uirthé. D'fhága sé aige í. D'imthigh sé annsin agus bhí an oiread meas ag an athair uithé is bhí aige ar a chlann féin. Bhí sé ag imtheacht chun na farraige i gcomhnuidhe. Dubhairt Fáinnín leis lá nuair a bhí sé ag imtheacht fáinne a thabhairt chuide a mbeadh súil diamond ann dubhairt Bioráinín leis biorán a thabhairt chuide féin a mbeadh súil diamond ann agus dubhairt Pabhsaé Gléigeal pabhsaé dearg a thabhairt chuide ó tharla go raibh sí féin ina Pabhsaé Gléigeal. Gabh sé annsin agus chuaidh sé go dtí an Spáinn, nuair a chuir lucht isteach chuaidh sé ag toruidheacht an fháinne agus an bioráin. Bhí siad sin le fágáil aige gan trioblóid ar bith aige faoi iad fhághailt. Chuaidh sé annsin ar thóraidheacht an phabsaé dhearg agus dubhairt duine ar bith a raibh sé a cur tuairisg air nach raibh a leithid le fágáil, go raibh siad a' ceapaidh nach raibh. Ar deireadh annsin dubhairt duine leis go raibh páirc sa Spáinn ina a leithide seo d'áit a raibh leath dhe a raibh na shamhraidh i gcomhnuidhe ann agus nach dtéigheadh na pabsaecha ar gcúl chor ar bith ann, go mbéidir go raibh an pabhsaé dearg san leath sin den pháirc ach go raibh leon ins an gcaisleán go mba leob an pháirc. "Ní móide go bhfeadfá a thabhairt leat," arsan fear a bhí ag cainnt leis.

Dubhairt sé go dtrialfeadh sé leis. Chuaidh sé chó fada leis an bpáirc agus chuaidh sé isteach san leath sin dí a mbíodh an samhradh i gcomhnuidhe ann. Ní mórán achar a bhí sé sa bpáirc nuair a casadh pabhsaé dearg leis chrom sé a guil dhá bhaint agus bhagair an leon air.

"Le haghaidh cailín beag d'inghin atá agam atá mé dhá bhaint" adeir sé leis an leon. "Féadfa tú" adeir an leon, "ach an chéad rud a chastar leat nuair a ghabhfas tú abhaile a thabhairt domsa." "Tiubhrad" adeir an fear. Déanfadh sin," adeir an leon, "bain leat é."

Bhain sé annsin é agus chuir sé ina shoitheach é gur tháinig sé abhaile. Nuair a chonnaic Pabhsaé Gléigeal an soitheach a tigheacht rith sí amach agus nuair a tháinig an caiptín ar an soitheach ba í an chéad rud a casadh leis.

D'fhiafrugh sí dhe a raibh an pabsaé dearg aige, dubhairt sé go raibh, "ach faraoir" adeir sé, "is pabhsaé suarach duit-se é."

"Tuige?" ar sise.

"Fuair mé é" ar seisean, "ach nuair a fuair mé é b'éigin dom gealladh go dtiubhrainn an chéad rud a casfaidhe orm nuair a thiocfainn abhaile go dtiubhrainn uaim é ar an bpabhsaé. Cheap mé gurbh é an gadhar an chéad rud a casfaidhe orm, ach ní hé ach tusa."

"Ó ná bíodh aithmhéal ar bith ort," adeir sí, "rachaidh mise in éinfheacht leat agus tiubhraidh tú dhó mé."

D'imthigh leis agus chuir sé amach a lucht. Nuair a bhí sé ag imtheacht leis aríst thug sé leis an cailín ina shoitheach. Chuaidh sé chomh fada leis an Spáinn agus thug sé suas don leon an cailín de bharr láimhe. D'imthigh sé annsin. Nuair a d'imthigh sé d'iarr an leon duithe cé aca a mb'fhearr léithe é féin a bheith ina leoin san oidhche agus ina fhear sa lá nó ina fhear san oidhche agus ina leon sa lá.

"I t'fhear san oidhche" adeir sí. "Beidh sin amhlaidh" adeir sé. Bhí sé annsin ina fhear san oidhche agus ina leon sa lá agus bhí sé indon chuile rud a dhéanamh. Ní raibh call dí rud ar bith a dhéanamh ach suidhe síos, mara siubhladh sí.

Bhíodh an t-athair a tigheacht go minic don Spáin a breathnú uirthé. Ní raibh sí bliain pósta nuair a bhí mac aice a raibh fleasg airgid i gclár a éadain agus fleasg óir i gcúl a chinn a lasfadh grian is gaotha ann, bhí siad chomh breagh sin. Bhí sí suas le sé bliana pósta nuair a tháinig an t-athair agus a rádh go raibh Fáinnín a gul a posadh le fear as an bhFrainc agus go mba cheart dí-sa thigheacht abhaile chun na bainnse dubhairt sí go dtiocfadh ach labhairt leis an bhfear. D'iarr sí cead ar a fear. Dubhairt sé léithe a dhul ann dubhairt sé léithe cuairt a dheanamh ann. D'imthigh sí le na h-athair annsin go Sasana agus annsin tháinig siad go dtí an Fhrainc gur chaith siad sgathamh eile annsin. Nuair a bhí sí tuirseach d'fhág a hathair sa mbaile í ina shoitheach aríst. Nuair a bhí Fáinnín bliain pósta, bhí an Bioríinín a guil a pósadh fear as an Spáinn agus d'iarr an t-athair ar Pabsaé Gleigeal tigheacht ar an mbainis go Sasana.

"Ní ghabhfad" adeir sí, "ach gabhfaidh mé ar an mbainis a bhéas agaí sa Spáinn."

Nuair a phósadh Biorainín annsin agus nuair a tháinig sí don Spáinn, bhí bainis eile aca annsin. Cuireadh fios ar Pabhsaé Gléigeal, d'iarr sé ar a fear tigheacht in éindigh léithe.

"Ní maith liom gur iarr tú orm" adeir sé, "ach ní fhéadfadh mé thú a leanacht ina dhiaidh sin. Má bheireann an solus orm ag an mbainis agus mé im fhear beidh mé i mo cholm go ceann sé mbliain" adeir sé, "agus iompóchaidh mé im'eala an seachtmhadh bliain annsin agus go ceann bliain eile agus ní bheidh aon tuarisc orm ach cleiteacha beaga geala a fhágas mé i mo dhiaidh san áit a mbeidh mé san oidhche agus féadfaidh tú a bheith ann agus féadfaidh tú mé a leanacht. Ní bheadh orm ach aon bhliain amhain i mo leon marach gur iarr tú orm dul in éindigh leat ar an mbainis."

Chuaidh siad ag an mbainis bhí fleadh agus féasta agus chuile shórt siamsa ann agus níor airigheadar an oidhche nó gur sgairt an solus isteach orthab ar maidin agus d'iompuigh seisean ina cholm agus amach leis.

Amach léithe-se ina dhiaidh. Nuair a b'árd dó san b'íseal duithe-se agus nuair b'íseal dó san b'árd duithe-se. An áit a mbíodh seisean anocht bhíodh sise san oidhche i mbárach agus ag imtheacht na sé bliana dá leanacht i gcomhaidhe ach nuair a chuaidh sé isteach sa seachtmhadh bliain ní raibh sí a' fágáil amharc ar bith air. D'imthigh léithe annsin nó go raibh sí bhfuisgeacht trí oidhche den bhliain a bheith caithte agus gan aon fhágáil aice air. Annsin labhair sí leis an ngréin agus labhair an ghrian léithe. D'fhiafruigh sí den ghrian an bhfaca sí é. "Ní fhaca" ars an ghrian, "ach labhair leis an ngealach anocht, agus tiubhraidh

mé gifte duit.” Thug an ghrian crú crainn, ceann mór. “Ná fosgail é sin” adeir an ghrian leitthe, “go mbeidh sé ag teastáil go géar uait.”

Labhair sí leis an ngealach agus labhair an ghealach leitthe. D’fhiafruigh sí den ghealach an bhfaca sí a macasamhail. “Ní fhacas” adeir an ghealach ach labhair leis an ngaoith anois anocht agus seo aibh duit agus ní fhosglóchaidh tú í go mbeidh sí ag teastáil uait go géar.”

Labhair sí leis an ngaotha anoir annsin agus labhair an ghaotha anoir léitthe. D’fhiafruigh sí dhuith a bhfaca sí a mhacasamhail. “Ní fhacas” adeir an ghaotha anoir, “ach labhróchaidh tú leis an ngaotha anoir ndéas agus b’fhéidir go mbeadh aon tuairisg aice.” Labhair sí annsin leis an ngaotha anoir ndéas agus dubhairt an ghaotha anoir ndéas nach raibh aon tuairisg aice air ach dá labhradh sí leis an ngaotha andéas go mbéidir go mbeadh aon tuairisg aice. Labhair sí leis an ngaotha andéas agus dubhairt an ghaotha andéas nach raibh aon tuairisg aice féin ach í a labhairt leis an ngaotha aniar ndéas. Dubhairt an ghaoth aniar ndéas nach raibh aon tuairisg aice fhéin ach í a labhairt leis an ngaotha aniar díreach, go mb’fhéidir go mbeadh aon tuairisg aice air. Dubhairt an ghaotha aniar nach raibh aon tuairisg aice fhéin air ach labhairt leis an ngaotha aniar dtuaidh. Labhair sí leis an ngaotha aniar dtuaidh agus dubhairt an ghaoth aniar dtuaidh nach raibh aon tuairisg aice féin air ach í a labhairt leis an ngaotha aduaidh. Labhair sí leis an ngaotha aduaidh agus dubhairt an ghaotha aduaidh nach raibh aon tuairisg aice féin air, “ach” adeir sí, “labhair leis an ngaotha anoir dtuaidh fuar na hoidhche agus mara bhfuil aon tuairisg aice dhuit níl aon tuairisg le fághail air.” Labhair sí leis an ngaotha anoir dtuaidh fuar na hoidhche annsin agus d’fhiafruigh sí duithe a bhfaca sí é.

“Maise go deimhin chonnaic” adeir sí. “Tá mé dhá fheiceáil le bliain ar an fharraige dhearg agus le trí oidhche tá sé ar charraig ag eigirt ach beidh sé sa gcaisleán i mbárach chó fada leis an mbean a bhfuil sé faoi dhraoidheacht aice le fada agus a bhfuil sé a guil a pósadh. Bí thusa ann có toibeann agus fhéadas tú é agus seo chun boiscín” adeir sí agus “mara sábháileann an boiscín tú féin agus t’fhear níl sabháil i do chionn. Níl lá dar éirigh grian le seacht mbliana nach ndearfeadh tú ‘faraoir géar, faraoidh géar, mar leig mé ar an mbainis tú.’ Tá an faraoidh géar istigh sa mboiscín seo agus mara sábháiligh sé thú beidh tú cailte. Gabhfaidh tú chuig an gcaisleán co toibeann agus fhéadfas tú é, beidh sí pósta romhat freisin.”

Chuaigh sí ann agus bhí sí le tuitim na hoidhche agus ní raibh aon aithne aig an bhfear go bhfaca sí ariamh é ina fhear. Nuair a tháinig sí isteach d’fhosgail sí an crú (cnó) agus séard a bhí ann culaith éadaigh. Ní raibh a leithid le fághail is ní bheidh aríst choidhin, nach bhfuil fios agat nach raibh agus í ag an ngréin. Nuair a chonnaic an bhainrioghan a bhí pósta aige an chulaigh éadaigh seo aice d’fhiafruigh sí duithe ce mhéad a bheadh sí a iarraidh ar sin. “Ní iarrfad tada ach mé a leigint a chodladh le t’fhear aríst.”

“Cuirfidh mise suas a chodladh é” adeir sí. “Féadfaidh tusa dul suas in éindigh leis.”

Chuir sí suas an fear. Nuair a luigh sé ar an leabaidh thug sí deoch suain dó. Tháinig Pabsaé Gleigeal agus chuaigh sí a chodhladh leis. Thosuigh sí ag innseacht dó an méid a bhí curtha sí aice le seacht mbliain. Bhí an draoidheadóir ag éisteacht léitthe agus ar maidin leigheas sé an fear. Lá ar na bhárach bhris sí an ubh. Agus séard a tháinig aiste cearc agus dhá cheann

déag d'éanacha. Nuair a chonnaic an bhainrioghan an chearc agus an dá cheann déag d'éanacha, d'fhiafrúigh sí duithe cé mhéid a bheadh sí a iarraidh oraibh. "Níl mé ag iarraidh tada" adeir sí, "ach cead a bheith agam dul a chodhladh in éindigh le d'fhear aríst anocht." Thug sí an cead sin duithe. Bhí an draoidheadóir ag éisteacht leis an margadh. D'innis sé don fhear an margadh a bhí déanta ag an mbainrioghan, "agus" ar seisean, "thug sí culaith éadaigh duithe aréir ar cead dul a chodhladh leat. Agus chaith sí an oidhche leat agus bhí sí ag cainnt leat ach níór chuala tú í."

D'fhiafrúigh sé dhe a raibh bean ariamh aige. Dubhairt sé nach raibh. "Bhí" adeir an draoidheadóir, "agus d'innis sí duit aréir gurbh í a bhí ann, ach a chlaidhre," adeir sé, "caith an deoch suain i n-áit eicínt anocht nó ní bheith tú indon labhairt léithe."

"Thug sí deoch dom" adeir sé nuair a bhí mé a dul a chodhladh ach má thugann sí anocht dom é cuirfidh mé do leathtaobh í."

Chuir sí suas a chodhladh annsin agus thug sí deoch suain dó. chaith sé suas í agus sé an áit a chuir sé í ar chúl a cinn. Bhí aimhreas aice nár ól sé í agus thug sí léithe biorán buidhe annsin, agus níl áit dá chorp nár sháith sí an biorán buidhe a'féachaint a raibh cor ar bith ann. Níor chorrúigh sé.

Tháinig an Pabsaé Gléigeal annsin chó fada leis agus thosuigh sí ag cainnt leis. "Níl aon mhaith a cainnt" adeir sé. "Ní bheadh muid imthithe uair a chluig nuair a bheadh sise agus a hathair i nar ndiaidh. Sí an draoidheadóir is mó sa domhan í."

"Well" adeir sí, "thug an ghaotha anoir dtuaidh fuacht na hoidhche bosga dom duit-se."

"Céard tá ann?" adeir sé. "Tá, faraoir géar" adeir sí. "Ó má tá sé sin ann" adeir sé, "tá tú sábhailte."

Ní raibh cinniúint ar draoidheacht na bainrioghna ach an faraoir géar agus bhí a hathair ní ba mheasa ná í. Níor airigh siad go raibh siad marbh ag mac an chaipín. Ba é mac an chaipín an leon. Bhí an caisleán acab féin annsin. Thug sí an mac as an Spáinn agus leig sí na leoin eile as gábhadh go ndeachaidh siad do na rioghachta as tugadh astab iad. Badh é an bhainrioghan san Éigipt agus a hathair a choinnigh faoi dhraoidheacht iad.

Cárna 5-9-1933.

Tá sgéal eile agam, Mac Rí na Binne Brice.

Beirt dreatháir dubh beag agus Céadtach mac rí in Éirinn. Beirt dreifiúr Gráinne agus Múirnín. Phós Múirnín Caol an Iarainn. dreibhshiúr eile do Ghráinne a bhí pósta ag Rí na Coille Glaise.